

Dún na nGall Abú



Eochairfhocail: ceiliúradh, feachtas, Dún na nGall, bródúil, cúrsaí gailf

Príomhscileanna: éisteacht, scríbhneoireacht, léitheoireacht, labhairt.


Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1. Cén contae atá á cheiliúradh sa mhír nuachta seo?
2. An bhfuil daltaí Ghaelscoil Adhamháin bródúil as a gcontae?
3. Ainmnigh spórt amháin a imríonn Conor.
4. Cad a deir Simon maidir leis an ngalf i nDún na nGall?
5. Cé mhéad bliain atá an feachtas seo ar an bhfód anois?
6. Céard í an áit is fearr le Mícheál i nDun na nGall? Cén fáth a dtaitníonn an áit sin leis?



Foghlaim





Anois, tar éis duit na ceisteanna sin a fhreagairt an féidir leat tabhairt faoin léamhthuiscint seo?

Dún na nGall

Contae mór fairsing in iarthuaisceart na hÉireann atá i gcontae Dhún na nGall. Tá sí ar cheann de na contaetha is mó agus is áille in Éirinn. Is i gcúige Uladh atá an contae suite. Cónaíonn thart ar 167,000 duine sa chontae. Tugtar Tír Chonaill ar Dhún na nGall uaireanta. Tá a lán sléibhte arda sa chontae. An Earagail a thugtar ar an sliabh is airde sa chontae. Tá cúpla ceantar Gaeltachta i nDún na nGall chomh maith. Is é Gaoth Dobhair an baile Gaeltachta is mó sa chontae. Tá traidisiún láidir peile i nDún na nGall. Tá craobh na hÉireann buaite ag foireann peile na bhfear Dhún na nGall faoi dhó ach níl sí buaite ag foireann na mban go fóill. Chaill foireann peile na bhfear Dhún na nGall cluiche ceannais na hÉireann i mbliana i gcoinne Chiarraí.

Ceisteanna

1. Cén áit in Éirinn a bhfuil contae Dhún na nGall suite?
2. Cé mhéad duine a chónaíonn sa chontae?
3. Cad is ainm don bhaile Gaeltachta is mó sa chontae?
4. Cé a d'imir i gcoinne Dhún na nGall i gcluiche ceannais na hÉireann i mbliana?
5. Ar thug tú féin cuairt riamh ar Dhún na nGall? Má thug, ar thaitin sé leat? Cén fáth?

Anois, ag obair leis an duine in aice leat, labhair faoi bhur gcontae dúchais féin. Cad iad na rudaí maithe atá sa chontae agus an bhfuil aon rud diúltach ag baint leis an gcontae? Cad iad na spóirt is mó a imrítear sa chontae agus cén saghas tírdhreacha atá sa chontae?

Freagraí



1. Dún na nGall
2. Tá
3. Rugbaí, peil Ghaelach, peil
4. Tá na cúrsaí gailf is fearr ar domhan sa chontae
5. Sé bliana
6. Fál Carrach mar sin é a bhaile dúchais

1. san iarthuaisceart
2. 167,000
3. Gaoth Dobhair
4. Ciarraí

